

Taiscéalaíocht – Stórfhocal

Taiscéalaíocht – exploration
Fionnachtain – discovery
Loingseoireacht – navigation
Ollphéisteanna mara – sea monsters
Cartagrafaiithe – map-makers
Cairteacha portalacha – portolan charts
Muirmhílte- nautical miles
Domhanfhad agus domhanleithead – longitude and latitude
Longa scairdhéanta – clinker-built ships
An galar carrach - scurvy

Tíofóideach - typhoid
Luachmhar - valuable
Comhchruinne - round
Rinn an Dóchais – Cape of Good Hope
Éacht - achievement
Iomaíocht – rivalry
Eachtraíocht - adventure
Dúchasaigh – natives

Muincí óir – gold necklaces
Luach saothair - reward
Gléasanna loingseoireachta – nautical instruments
Lastas– cargo
Sruthanna dainséaracha – dangerous currents
Impireacht - empire
Cine cogaiöchta - a warlike people
Cúipéirí -coppers
Ag urrú aistear fionnachtana – sponsoring an expedition
Maoiniú – funding

Chaith sé go neamhthrócaireach leis – he treated him unmercifully
Draoi / draoithe –druid/druids
Cathair thaibhseach – a splendid city
An bholgach – smallpox
Daoirse – slavery
Coilíneacht - colony
Ceannródaí / ceannródaithe – pioneer/pioneers
Sibhialtacht – civilisation
Impireacht na nInceach – the Inca Empire
Impireacht na nAstacach – the Aztec Empire

Taiscéalaíocht agus Fionnachtana

Thart fán bhliain 1450 shíl cuid mhaith daoine léannta go raibh an domhan cruinn agus nach raibh sé cothrom ar chor ar bith. Ach níor thuig siad go raibh an domhan chomh mór is atá sé – ní raibh a fhios acu go raibh Meiriceá Thuaidh nó Meiriceá Theas ann. D'fhan bunús na long in aice leis an chósta mar **bhí eagla orthu gabháil as amharc na talún**. Shíl muintir na Meánaoise go ndeachaigh an ghrian thart ar an domhan. Shíl siad go raibh an Afraic an-bheag. Ní raibh a fhios acu go raibh an Mol Thuaidh nó an Mol Theas reoite, nó go raibh an Astráil nó Meiriceá ann.

Thaistil a lán daoine chun trádáil a dhéanamh. Chuaigh daoine ón Eoraip trasna na Meánmhara go dtí an Éigipt chun seodra, síoda, spíosraí agus cumhra a cheannach ó na hArabaigh. Bhí suim ag daoine áirithe i gcónaí dul go háiteanna nua chun trádáil a dhéanamh, nó mar eachtra. Bhí a lán airgid le déanamh **ag tradáil le tuaisceart na hAfraice**. Thug siad olann, líon, iarann, etc. do na hAfraicigh agus fuair siad ór, eabhar, éanlaithe agus ainmhithe. Ag an am seo fosta, thosaigh an trádáil sclábhaí. Ag tús an cúigiú haois déag thosaigh aois nua thaiscéalaíochta (*exploration*).

Gléasanna Nua Loingseoireachta

Cartagrafaihte = lucht déanta mapaí

Cairteacha portalacha = mapaí a rinne na mairnéalaigh de na ceantair cois farraige

Compás = gléas chun treo na loinge a thaispeáint

Luasmheá (*log*) = gléas chun luas loinge a thomhas

Astraláib = gléas chun ionad loinge a ríomh. Ríomh sé domhanleithead agus domhanfhad na loinge

Tógadh long nua, **an carbhal**, thart fán bhliain 1400. Bhí seolta cearnógacha agus seolta laidineacha (nó seolta triantánacha) ar na longa nua seo. Ba chéim mhór chun tosaigh í an carbhal mar bhí sé níos láidre, níos gaiste agus níos sábháilte.

Bhíodh an captaen ag stiúradh na loinge agus bhíodh an máistir freagrach as sábháilteacht na loinge. Bhíodh siúinéirí, cúipéirí agus giollaí ar an long fosta. Bhíodh saol crua contúirteach acu ar na longa siocair longbhriseadh (*shipwreck*) agus stoirmeacha agus galair mharfacha

Cad chuige a ndeachaigh siad ag taiscéalaíocht?

1. bealaí nua trádála go dtí an tOirthear de dhíth ar cheannaithe.
2. Bhíodh na Turcaigh ag cur isteach orthu agus ag baint amach cánacha arda ar cheannaithe a bhíodh ag gabháil thar tír
3. ceannairí na hEorpa ag iarraidh impireachtaí móra a bhunú thar lear
4. chun cruthú go raibh an domhan cruinn
5. saint – ag iarraidh saibhris ollmhór dóibh féin
6. na daoine áitiúla a thiontú ina gCríostaithe

An Prionsa Anraí, Loingseoir

Tá an Phortaingéil an-chóngarach don Afraic. Bhí suim ag Anraí san Afraic. Bhí sé ag iarraidh an Chríostaíocht a mhúineadh do na daoine ansin. Thug sé a lán airgid do mhairnéalaigh chun dul síos ar chósta na hAfraice, cé go raibh eagla mhór ar dhaoine roimh nathracha mara agus an teas. Nuair a bhí sé ina ghobharnóir i dTuaisceart na hAfraice chuala sé scéalta mar gheall ar ór agus eabhar agus daor a bhí le fáil thart fá chósta thiar na hAfraice

Sagres

Bhunaigh sé scoil speisialta i **Sagres** agus chruinnigh sé cartagrafaithe (*cartographers*), matamaiticeoirí agus tógálaithe long thart air féin. Thóg sé longa a bhí níos fearr ná aon cheann eile riamh. Rinne sé léarscáileanna nua agus chum matamaiticeoirí gléasanna nua loingseoireachta. Dearadh (*designed*) long nua darbh ainm an **carbhal** le taobhanna míne, réidhe. Ghluais sé níos gaiste san uisce dá bharr sin. Bhí seolta i bhfad níos fearr acu.

Roimhe seo bhí seol mór amháin ar na longa a bhí cearnógach. Bhí cúpla seol beag, triantánach ar an charbhal agus mar sin bhí sé i bhfad níos fusa an long a stiúradh agus a chasadh san uisce. Thug a chuid carbhal cuairt ar na hOileáin Canary, Madeira agus Azores. Cé nár bhain duine ar bith amach rinn (*cape*) theas na hAfraice faoin am a bhfuair an Prionsa Anraí bás, spreag a chuid oibre mairnéalaigh eile leanúint den chuardach.

Bartholomew Diaz

Nuair a fuair an Prionsa Anraí, an Loingseoir, bás, shocraigh a athair, an Rí Eoin II go leanfadh sé ar aghaidh ag tabhairt cuidiú do thaiscéalaithe. Ba é Bartholomew Diaz an chéad duine a chuaigh síos go dtí an pointe is deisceartaí san Afraic. **Ba é an chéad Eorpach a bhain amach rinn theas na hAfraice** agus a chuaigh isteach san Aigéan Indiach. Thug sé Rinn na Stoirmeacha ar an rinn seo siocair na stoirmeacha millteanacha a ndeachaigh sé tríothu ach thug Rí na Portaingéile Rinn an Dóchais Mhóir (*Cape of Good Hope*) air mar bhí dóchas aige go dtiocfadh an Phortaingéil ar bhealach nua go dtí an tOirthear.

Vasco da Gama

Naoi mbliana ina dhiaidh seo, shocraigh Vasco da Gama ar thuras a dhéanamh go bhfeicfeadh sé an dtiocfadh leis **gabháil thart ar Rinn an Dóchais Mhóir go dtí an India agus na hOileáin Spíosra**. D'éirigh leis agus b'ócáid mhór í nuair a bhain sé amach Calcutta i mí na Bealtaine 1498. Líon sé a chuid longa le seoda agus spíosraí agus phill sé abhaile. Fuair cuid mhaith den fhoireann bás de bharr galair. Sa bhliain 1511, bhí smacht ag an Phortaingéil ar na hOileáin Spíosra. Roimh i bhfad bhí impireacht mhór acu san Afraic, san India agus in Oirdheisceart na hÁise. Ba ghairid go raibh an Spáinn in iomaíocht leo. Thug ceannairí na Spáinne tacaíocht airgid do thaiscéalaithe a rachadh ag cuardach tíortha nua agus saibhris mhóra. Ba é Críostóir Colambas an taiscéalaí ba cháiliúla ar thug an Spáinn cuidiú dó.

Críostóir Colambas

Bhí bealach ag na Portaingéalaigh go dtí na hOileáin Spíosra. Bhí na Spáinnigh anois ag iarraidh bealach nua a fháil chun na nOileán. Shíl Christopher Columbus go mbeadh sé ábalta dul siar thar an Aigéan Atlantach go dtí na hIndí Thiar. Ar dtús chuaigh Colambas go dtí Rí na Portaingéile ach ní bhfuair sé tacaíocht uaidh. Ansin chuaigh sé go dtí Rí Ferdinand agus Banríon Isabella na Spáinne. Thug siad airgead agus longa dó.

D'fhág sé Palos i 1492 le trí bhád, an *Santa Maria*, an *Nina* agus an *Pinta*. Chreid cuid de na mairnéalaigh go raibh an domhan cothrom agus bhí eagla orthu go dtitfeadh siad thar a bhruach. Tar éis dhá mhí tháinig siad i dtír ar San Salvador. Shíl Colambas go raibh sé san India agus ghlaigh sé Indiaigh ar na daoine ann. **Ní raibh a fhios aige go raibh Meiriceá aimsithe aige** agus lean sé ar aghaidh ag lorg na Seapáine. Ní raibh a fhios ag aon Eorpach faoi Mheiriceá ag an am. D'aimsigh sé Cuba agus Hispaniola ach ní bhfuair sé ór ná spíosraí. Bheadh an oiread eile de thuras le déanamh aige chun an Áise a bhaint amach. Ag an Nollaig cailleadh an *Santa Maria* agus d'fhill Colambas agus a mhairnéalaigh abhaile ar an *Nina* agus an *Pinta*.

Rinne Colambas trí aistear eile trasna an Atlantaigh le tacaíocht airgid Fernando agus Isabel. D'aimsigh sé a lán oileán eile cosúil le Trinidad, Jamaica agus Guadalúip ach níor bhain sé an tSeapáin amach riamh. Fuair sé bás i 1506 agus **chreid sé gur theip ar a shaol** mar nár aimsigh sé bealach nua go dtí na hOileáin Spíosra.

Na Conquistadores

Cé gur theip ar Colambas saibhreas a thabhairt ar ais scaipeadh ráflaí go raibh rud bocht óir le fáil i Meiriceá. Bhí cuid de thaiscéalaithe na Spáinne a bhí ag iarraidh seo a fháil amach dóibh féin. **Thug siad drochbhail amach is amach ar bhunadh na háite.**

Tugadh an t-ainm 'Conquistadores' nó Buaiteoirí ar *Hernan Cortes* agus *Francisco Pizarro* mar thug siad Meiriceá faoi cheannas na Spáinne. D'éirigh Rí na Spáinne an-saibhir mar thóg sé aon-chúigiú cuid den ór a fuarthas. Chuaigh a lán Spáinneach go dtí an tOileán Úr (*new World*) mar chuala siad faoin ór. Ní dheachaigh na mná agus phós na Spáinnigh na hIndiaigh. Bhunaigh siad coilíneachtaí (*colonies*) agus thóg siad rialacha nua isteach.

- Thóg siad ainmhithe agus barraí Eorpacha isteach
- Rinne siad sclábhaithe de na hIndiaigh
- Bhrúigh siad an Chríostaíocht orthu
- Scríos siad sibhialtachaí arsa (*ancient civilisations*)
- Thug siad dhá ghalar marfach leo
- Rinneadh gnó mór den daoirse (*slavery*) = Afracaigh ghorma

Cortes

Chuaigh Cortes i dtír i Mexico agus bhí sé mar aidhm aige impireacht na nAstacach (*Aztecs*) a chur faoi chois. Rinne draoithe na nAstacach daoine a íobairt dá gcuid déithe. Lig Cortes air féin gurbh eisean dia de chuid na nAstacach agus chuir siad fáilte roimhe. Thosaigh lucht leanúna Cortes ag goid óir agus airgid agus ghlac siad seilbh ar pháláis dóibh féin. D'éirigh na hAstacaigh amach nuair a chonaic siad an rud a bhí ag tarlú. D'éalaigh Cortes ach phill sé le harm mór, **mharaigh sé na mílte Astacach agus scrios sé sibhialtacht na nAstacach in aon chath amháin.**

Pizarro

Bhí sé mar chuspóir ag Pizarro an cine Inceach (*Incas*) a bhí in airde ar na hAindéis i Peru a chur faoi chois. Bhí innealtóirí agus tógálaithe den scoth acu. D'úsáid siad airgead agus ór ina gcuid saothar ealaíne. An tInceach a thug siad ar an Impire a bhí acu. **Bhí an t-airgead iontach fairsing san áit.** Bhí cuid mhaith naimhde ag Pizarro i measc na Spáinneach i Peru ar an ábhar gur éirigh sé chomh cumhachtach sin. Mharaigh a mhuintir féin é i ndeireadh ama.

Conradh Tordesillas

Tar éis Cholambais, d'éirigh coimhlint idir an Spáinn agus an Phortaingéil. Bhí an dá cheann acu ag iarraidh seilbh a ghlacadh ar na tíortha céanna. Shocraigh siad go mbeadh líne ag gabháil fríd an Bhrasaíl. Gach rud siar ón líne sin ba leis na Spáinnigh é agus gach rud soir ba leis na Portaingéalaigh é = Conradh Tordesillas. Bhunaigh an dá thír impireachtaí móra cumhachtacha.

CEIST SCRÚDAITHE – PEARSANA SA STAIR

Taiscéalaí a ainmníonn tú a bhí i gceannas ar thuras taiscéalaíochta

Ferdinand Magellan

Thug ceannairí na Spáinne tacaíocht do Ferdinand Magellan. Ba as an Phortaingéil Magellan ach chuir Rí Séarlas na Spáinne é i gceannas ar thuras ón Spáinn go dtí an tOirthear sa bhliain 1518. Is é an cúram a bhí air ná *na hOileáin Moluccas* nó *na hOileáin Spíosra* a bhaint amach agus lastaí (carga) luachmhara spíosraí a thabhairt ar ais go dtí an Spáinn. Chuaigh a chuid longa, *an San Antonio, an Conception, an Victoria, an Trinidad* agus *an Santiago* chun na farraige ó Seville i mí Mheán Fómhair 1519 le 270 fear ina iomlán.

Briseadh an Santiago Chreid sé go mbainfeadh sé an tOirthear amach ach seoladh timpeall chósta Mheiriceá Theas. Bhí turas fada achranach cnapánach roimhe. Chuaigh na longa ar ancaire in *Puerto San Julian* fá choinne an gheimhridh. Nuair a d'éirigh na captaein iontach míshásta leis chuir sé duine acu chun báis. Briseadh an Santiago thart fá 100 ciliméadar ó *Puerto San Julian* ach tháinig cuid mhór den fhoireann slán.

Imeacht an San Antonio Ansin nuair a bhí siad ag gabháil thart ar Rinn Mheiriceá Theas **bhuail sruthanna dainséaracha agus gálaí feanntacha iad** ag áit a dtugtar *Caolas Magellan* uirthi ó shin. D'imigh long amháin, *an San Antonio*, abhaile gan chead agus bunús an bhia fá choinne an turais ar bord aici.

Trasna an Aigéin Chiúin Ghlac sé níos mó na mí ar na longa eile gabháil fríd an chaolas (*straits*). Faoi dheireadh bhí farraige chiúin, shocair rompu; *an tAigéan Ciúin* a thug siad uirthi. Ghlac sé ceithre mhí orthu seoladh trasna an Aigéin Chiúin agus fuair cuid mhaith de na fir bás den ocras, den tart agus den ghalar

Ag baint amach cósta na hAfraice I mí na Márta bhain sé na hoileáin amach ó chósta na hÁise – *na hOileáin Fhilipíneacha*. Bhí Magellan ar an chéad Eorpach a chuaigh trasna an Aigéin Chiúin agus chruthaigh sé gurbh fhéidir an tOirthear a bhaint amach ach seoladh siar. **Maráíodh Magellan** é féin sna hOileáin nuair a bhí sé ag cuidiú le ceannaire Filipíneach i gcogadh idir threibheanna. D'fhill *Sebastian Delcano* agus fiche fear agus long amháin ar ais go dtí an Spáinn. Ba é turas Magellan an chéad cheann thart ar an domhan.